II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2257 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Lúnasa 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear modhanna ríofa ollmhéideanna mainneachtana gan choinne le haghaidh risíochtaí ar ionstraimí fiachais agus cothromais agus le haghaidh risíochtaí ar phriacal mainneachtana a eascraíonn as ionstraimí díorthacha áirithe, agus lena sonraítear cinneadh méideanna barúlacha ionstraimí seachas na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 325w(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 325w(8), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an Athbhreithniú ó Bhonn ar an Leabhar Trádála ('FRTB'), ar ghlac Coiste Basel a rialacha críochnaitheacha i mí Eanáir 2019, féachtar le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na géarchéime airgeadais domhanda a mhéid a bhaineann leis na ceanglais chistí dhílse le haghaidh priacail margaidh. Mar chuid den fheabhas a tháinig ar FRTB, tugadh ceanglas cistí dílse nua isteach faoin gcur chuige caighdeánaithe chun priacal mainneachtana na risíochtaí ar ionstraimí fiachais agus cothromais a ghabháil. Is gá gnéithe teicniúla breise a sholáthar chun soiléiriú a dhéanamh ar shonraíochtaí rialacha FRTB a tugadh isteach i ndlí an Aontais le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) chun críche ceanglais tuairiscithe, agus chun na sonraíochtaí sin a chomhlánú i gcás inar gá. Baineann na gnéithe teicniúla sin le ríomh na n-ollmhéideanna mainneachtana gan choinne ('JTD') le haghaidh risíochtaí ar ionstraimí fiachais agus cothromais, meastachán ar na hollmhéideanna mainneachtana gan choinne le haghaidh risíochtaí ar phriacal mainneachtana a eascraíonn as ionstraimí díorthacha áirithe, agus sonrú mhéideanna barúlacha na n-ionstraimí seachas na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 325w(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(2) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomh-infheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1).

(3) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na comhpháirteanna a chinneadh $P\&L_{long}$, $P\&L_{short}$, $Adjustment_{long}$ agus $Adjustment_{short}$ chun na hollmhéideanna JTD le haghaidh risíochtaí ar ionstraimí fiachais agus cothromais a ríomh

1. Déanfaidh institiúidí na comhpháirteanna $P\&L_{long}$ agus $P\&L_{short}$ dá dtagraítear in Airteagal 325w(1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh trí úsáid a bhaint as na foirmlí seo a leanas:

$$PL_{long} = V_A - V_{notional}$$

$$PL_{short} = V_A - V_{notional}$$

i gcás mar seo a leanas:

V_A = margadhluach na hionstraime óna n-eascraíonn an risíocht don institiúid tráth a ríomhtar ollmhéid JTD na risíochta sin.

2. Déanfaidh institiúidí na comhpháirteanna $Adjustment_{long}$ agus $Adjustment_{short}$ dá dtagraítear in Airteagal 325w(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh trí úsáid a bhaint as na foirmlí seo a leanas:

$$Adjustment_{long} = -V_F$$

$$Adjustment_{short} = -V_F$$

nuair atá:

V_F = margadhluach na hionstraime óna n-eascraíonn an risíocht don institiúid, arna ríomh, agus ag glacadh leis freisin, tráth a ríomhtar ollmhéid JTD na risíochta sin, gur mhainnigh an ionstraim fiachais agus go raibh rátaí téarnaimh de nialas aici.

3. Déanfaidh institiúidí na comhpháirteanna $Adjustment_{long}$ agus $Adjustment_{short}$ dá dtagraítear in Airteagal 325w(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh trí úsáid a bhaint as na foirmlí seo a leanas:

$$Adjustment_{long} = -V_F$$

$$Adjustment_{short} = -V_F$$

nuair atá:

V_F = margadhluach na hionstraime óna n-eascraíonn an risíocht don institiúid, arna ríomh, agus ag glacadh leis freisin, tráth a ríomhtar ollmhéid JTD na risíochta sin, go raibh caillteanas iomlán i luach ag an ionstraim cothromais.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Airteagal 2

Measachán ar ollmhéideanna JTD le haghaidh na risíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 325w(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

1. Sa mhodheolaíocht mhalartach chun measachán a dhéanamh ar ollmhéideanna JTD na risíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 325w(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh an difríocht idir margadhluach ionstraime díorthaí dá dtagraítear sa mhír sin, óna n-eascraíonn an risíocht don institiúid tráth an mheastacháin ar ollmhéid JTD, agus margadhluach na hionstraime díorthaí sin, arna ríomh, agus ag glacadh leis freisin, go bhfuil an oibleagáideoir ar mainneachtain ag an am sin.

2. I gcás ina bhfuil an t-oibleagáideoir ar mainneachtain tráth an mheastacháin, agus go léiríonn margadhluach na hionstraime óna n-eascraíonn an risíocht don institiúid an tráth sin an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as mainneachtain an oibleagáideora, is é a bheidh sa mhodheolaíocht mhalartach dá dtagraítear in Airteagal 325w(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hollmhéid JTD na risíochta a bheith cothrom le nialas.

Airteagal 3

Cinneadh méideanna barúlacha ionstraimí seachas na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 325w(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

1. Chun críocha Airteagal 325w(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cinnfidh institiúidí méideanna barúlacha ionstraimí seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 325w(4), pointí (a) agus (b), den Rialachán sin trí úsáid a bhaint as na foirmlí seo a leanas:

(a) maidir le neamhchosaintí ar ionstraimí fiachais atá aicmithe mar ionstraimí fiachais shinsearaigh nó bannaí faoi chumhdach, is é seo a leanas méid barúlach na hionstraime as a dtagann an risíocht:

(i) i gcás risíocht fhada:

$$\text{Notional amount} = \frac{V_D - V_F}{1 - LGD}$$

(ii) i gcás risíocht ghearr:

$$\text{Notional amount} = \frac{V_F - V_D}{1 - LGD}$$

nuair atá:

LGD = an LGD a shanntar don ionstraim fiachais i gcomhréir le hAirteagal 325w(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

V_D = margadhluach na hionstraime as a n-eascraíonn an risíocht i leith na hinstitiúide, arna ríomh, agus ag glacadh leis freisin, tráth a ríomhtar ollmhéid JTD don risíocht sin, an ionstraim fiachais a mhainnítear agus a raibh ráta gnóthaithe aici a ríomhtar i leith aghaidhluach na hionstraime fiachais agus a bheidh cothrom le (1-LGD);

V_F = V_F mar a shonraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo;

(b) maidir le risíochtaí ar ionstraimí fiachais nach bhfuil aicmithe mar ionstraimí fiachais shinsearaigh, is é nialas méid barúlach na hionstraime as a dtagann an risíocht.

2. Chun críocha Airteagal 325w(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é nialas a bheidh i méid barúlach na hionstraime as a n-eascraíonn an risíocht, agus ní ionstraim cothromais airgid í.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN